C/2024/4651

19.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11371 - ERAMET / SUEZ RV / TFIN / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4651)

1. An 12 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Eramet S.A. ('Eramet', an Fhrainc),

— Suez RV France S.A. ('Suez RV', an Fhrainc), faoi rialú indíreach Suez Holding S.A.S (an Fhrainc),

— The Future Is Neutral S.A.S. ('TFIN', an Fhrainc), faoi rialú Renault S.A. (an Fhrainc).

Gheobhaidh Eramet, Suez RV agus TFIN rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Vosges Three ('JV Amont', an Fhrainc) agus Relieve ('JV Aval', an Fhrainc) ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna in dhá chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontair iad.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Eramet gníomhach ar an leibhéal domhanda in eastóscadh agus aisghabháil miotal;

— Tá Suez RV gníomhach ar an leibhéal domhanda i seirbhísí bainistithe uisce agus dramhaíola;

— Cuireann TFIN réitigh athchúrsála lúbiata ar fáil ag gach céim de shaolré feithicle.

3. Is iad gníomhaíochtaí JV Amont agus JV Aval faoi seach fuíll agus ceallraí a dhíchóimeáil agus a phróiseáil ag deireadh a saolré go mais dhubh (JV Amont) agus salainn mhiotail (nicil, cóbalt, litiam) a aisghabháil ó mhais dhubh (JV Aval). Le chéile, cuirfidh an dá JV athchúrsáil lúbiata de cheallraí ian litiam ag deireadh a saolré ó fheithiclí leictreacha agus ó fhuíll ar fáil.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11371 - ERAMET / SUEZ RV / TFIN / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË